**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0301/2021**

31.5.2021

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

ar chlár uile-Aontais de chiontóirí gnéis arna gciontú

**Christine Anderson**

**B9-0301/2021**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa ar chlár uile-Aontais de chiontóirí gnéis arna gciontú**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Ráthaíocht Eorpach don Leanbh,

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac,

– ag féachaint d’Airteagal 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí gur cheart an tsochaí a chosaint a mhéid is féidir ar athchiontaitheoirí gnéis;

B. de bhrí nár cheart go gceadófaí do chiontóirí gnéis arna gciontú, go háirithe i gcásanna a bhaineann le pornagrafaíocht leanaí, róil iontaoibhe a bheith acu i dtimpeallacht leanaí agus ban, mar shampla i naíonraí nó i gcarthanachtaí;

C. de bhrí gurb ann do chásanna amhail cás an pheileadóra iomráitigh, a bhí ag obair do charthanacht leanaí agus a raibh deis aige bualadh leis an bPápa fiú mar gheall ar an obair sin, ach ar ciontaíodh é ina dhiaidh sin mar gheall ar ábhar pornagrafaíochta leanaí a bheith ina sheilbh aige agus a bheith á scaipeadh aige[1];

D. de bhrí gur cheart do Chlár Náisiúnta na gCiontóirí Gnéis sna Stáit Aontaithe a bheith ina shamhail chuige seo;

1. á iarraidh go gcruthófaí clár uile-Aontais de chiontóirí gnéis arna gciontú;

2. á mholadh gur cheart go mbeadh rochtain, in éineacht leis na húdaráis forfheidhmithe dlí, ag institiúidí íogaire amhail naíonraí agus seirbhísí comhairliúcháin do mhná, ar an gclár sin chun cosc a chur ar chiontóirí gnéis arna gciontú ó theagmháil a dhéanamh ar íospartaigh ionchasacha trí bhíthin a bhfostaíochta;

3. á iarraidh ar an gcoiste freagrach tuarascáil a tharraingt suas maidir leis na féidearthachtaí dlíthiúla i dtaca leis an méid sin a chur chun feidhme sna Ballstáit agus a bhreithniú cibé an mbeadh nó nach mbeadh foilsiú iomlán ceadaithe faoin dlí agus, i gcás ina mbeadh, conas a d’fhéadfaí é sin a dhéanamh.

[1] https://www.spiegel.de/panorama/justiz/christoph-metzelder-legt-teilgestaendnis-ab-a-93f1f8fa-55e2-43ea-9f97-b25cd8d3bf2a